# Glór

Meitheal Pleanála
Teanga an Iarthuaiscirt
An Crannóg
Srath na Corcra
Doirí Beaga
Leitir Ceanainn
Co. Dhún na nGall
074 9560620 / 087 2491101

Márta 2024

*Buanú agus neartú na Gaeilge san Iarthuaiscirt*

## Ócáid buíochais Gradaim Gnó le SSCÉ sa G-Teic!

Bhí ócáid ghalánta sa G-Teic i nGaoth Dobhair againn ar na mallaibh áit a dtug Sármhaitheas Seirbhisí do Chustaiméirí Éireann buíochas dúinn as ucht iad a chlárú don scéim Ghradaim Gnó na hÉireann anuraidh. Míle buíochas dóibh as ucht an chuireadh a thabhairt dúinn. Fuair a gnó dhá ghradam agus poiblíocht mhaith amach as an scéim. Bhí sé deas cuidiú agus tacaíocht a thabhairt dóibh.



## Lúchair orainn tacú le Gaoth Dobhair Aontaithe




Bhí áthas mhór ar an oifig pleanála teanga 'bratach meirge' a chur ar fáil do Ghaoth Dobhair Aontaithe nuair a bhí siad ag ullmhú don pharáid Lá Fhéile Pádraig le gairid.

# Aitheantas faighte ag Tommy Curran as ucht 40 bliain oibre leis an Derry People

Gradam saothair bronnta ar Thomás Ó Cuireáin / Tommy Curran ag Féile Scoildrámaíochta Ghaoth Dobhair 2024 leis an inscríbhínn seo:

'Tomás Ó Cuireáin
As do shaothar iriseoireachta sna páipéir áitiúla
Féile Ghaoth Dobhair 2024'

Rinne Noel Ó Gallchóir, stiúrthóir na féile, an bronnadh. Labhair sé faoi na Gaoth Dobhair 'Notes' atá scríofa ag Tommy sa Derry People agus sa Donegal Democrat - leathanach iomlán achan tseachtain le 40 bliain. Thrácht sé ar na leathanaigh speisialta a bhíonn ag Tommy go rialta sa dá nuachtán faoi ocaidí éagsúla i nGaoth Dobhair agus i gCloich Cheann Fhaola agus a chuid griangrafanna uilig. Rinne sé tagairt speisialta do na píosaí a scríobhann sé in ómós do dhaoine ag am a mbáis agus an sólas a thugann siad dá dteaghlaigh. - Noel Ó Gallachóir



# Lúchair orainn tacú le roinnt comórtas do chuid Pobalscoil Ghaoth Dobhair le linn Seachtain na Gaeilge







Bhí muid thar a bheith sásta a bheith ábalta tacaíocht a thabhairt do roinnt comórtais cruthaitheach a bhí ar siúl ag Pobalscoil Ghaoth Dobhair le linn Seachtain na Gaeilge.

I measc na comórtais a bhí ar siúl, bhí comórtas podchraoltaí don Idirbhliain ina raibh duais 200 euro le baint, comórtas filíochta nó blagáil agus comórtas Tic Toc.

Ní hamháin sin, ach bhí comórtas ealaíne do na blianta 1-3 chomh maith le comórtas punainne agus seanfhocail.

# Éigse Uladh ar siúl i nGaoth Dobhair

Bhí Éigse Uladh ar siúl an deireadh seachtaine seo caite i nGaoth Dobhair. An Tiarna George Hill a bhí faoi chaibidil i mbliana.

In san Acadamh a bhí an seoladh agus Léachtaí na Féile. Bhí cainteanna ann ó Cathal Póirtéir agus Noel Ó Gallchóir. Antoin Delap an rinne an fhéile a oscailt.

B’é Uinseann Ó Breisleáin a stiúraigh an turas bus ar an tSathairn.

Roy Greenslade a rinne óstáil ar an ghrúpa ag Teach Bhaile Ár.

Chuir An Crann Óg ceol ar fáil ag an ócáid agus léigh an t-Ath. Brian Aifreann na Féile ar an Domhnach.



# Comharthaíocht i gcaifé ‘Top Pizza’ in Anagaire athruithe go Gaeilge




Tá moladh mór tuillte ag an chaifé 'Top Pizza' in Anagaire as a gcuid comharthaíocht a athrú go Gaeilge. Gach ádh orthu!

# Cur aithne ar Séamus



**Ainm:** Séamus Mac Grianna

**Aois:** 19

**Post:** Iascaire Crúbóige

**Caithimh Aimseartha:** Ag ól

**Bia:** Stéig maith

**Deoch:** Smithwicks

**Ceol:** Ceol Tíre

**Scannán:** Captain Phillips

**Clár Teilifíse:** Peaky Blinders: na Sons of Anarchy

**Stáisiún Raidió:** iRadio

**Páipéar Nuachtáin:** An Skipper

**Ainmhí:** Madadh

**Podchraoladh:** 2 Johnnies Podcast

**Carr:** BMW M3

**Spórt:** Sacar

**Féile Ceoil:** Farmers Bash

**Aisteoir:** Tom Hardy

**Ceoltóir:** Luke Combs

**Banna Ceoil:** Peat and Diesel

**Foireann Sacair:** Liverpool

**Amhrán is fearr leat a cheol:** Queen of Hearts

**Amhrán is fearr leat a éisteacht le:** Hurricane (Luke Combs)

**Gné is fearr + is measa leat faoin iascaireacht:** Aimsir chiúin agus iascaireacht maith + ag obair níos mo ná 24 uair gan stad

**Táithí pearsanta is fearr ag iascaireacht:** Mé féin ag reachtáil bád crubóg mo dheartháir

**Iasc is fearr a dhíolann:** Crúbóga ag am na Nollag

**Iasc is fearr leat:** Níl dúil agam in éisc ar bith 😂

**Carachtair is mó ó scannán / clár teilifíse atá tú is cosúil le:** Frank as Shameless

**Léamh Intinne nó Teileapórtáil:** Teileapórtáil

**Apple nó Android:** Apple

**Ford nó Ferrari:** Ford

**Xbox nó PlayStation:** PlayStation

**Saibhir nó Cáiliúil:** Saibhir

**Laoch:** M'athair mór mar iascaire

**Oíche amuigh:** d'Tí Dixon nó d'Tí Jeac

**Cuireadh chuig cóisir:** Antoin Bán

**Laethanta saoire:** Nashville

**Seanfhocal:** Is minic a bhris béal duine a shrón

**Mana saoil:** Time and tide waits for no man

**Cén áit a ba mhaith leat a bheith i gceann 10 mbliana:** Fleet do mo chuid badaí féin a bheith agam

*An Cumann Scoildrámaíochta* www.scoildramaiocht.ie

## Torthaí agus Ainmniúcháin ó Fhéile Scoildrámaíochta Uladh 2024

### Ainmniúcháin chuig An Fhéile Náisiúnta – An Muileann gCearr:

| | | |
|---|---|---|
| Scoil Taobhóige | **Séarlaí agus an Mhonarcha Seacláide** | 15 |
| Bunscoil Phádraig, Crois Mhig Lionnáin | **Táin Bó Cuailgne—ó a Dhia!** | 15 |
| Scoil Iorball Sionnaigh, Muineachán | **An Táin Bó Cuailgne** | 3 |
| Scoil Oilibhéar Pluincéad, Rann na Feirste | ***Labhair an Teanga Gaeilge** | 14 |
| Gaelscoil Ultáin, Muineachán | **Peter Pan** | 18 |
| Gaelscoil na gCrann, An Ómaigh | **Tragóid na Titanice** | 9 |
| Gaelscoil Uí Néill, Oileán an Ghuail | **An Sionnach Glic** | 15 |
| Scoil Chnoc na Naomh, Doire Chonaire | ***Mac Tíre na Draíochta** | 4 |
| Scoil Chonaill, An Bun Beag | **Trí náid síos ag leath ama** | 9 |
| Pobalscoil Chloich Cheann Fhaola | ***Faoi Bhois an Chait** | 12 |
| Pobalscoil Ghaoth Dobhair | **Arís** | 12 |
| Pobalscoil Ghaoth Dobhair | **Tá dóigh thart ar achan rud** | 11 |

### Duaiseanna Speisialta:

- **Aisteoir is Fearr**: 'Franc' - Micheal Joseph Mac Pháidín, Pobalscoil Chloich Cheann Fhaola
- **Ban-aisteoir is Fearr**: 'Mairéad' - Niamh Nic Pháidín, Pobalscoil Ghaoth Dobhair
- **An Léiriú is Fearr ar nua dhráma**: *Faoi Bhois An Chait, Pobalscoil Chloich Cheann Fhaola

### Duaiseanna an Mholtóra:

1. **Córagrafaíocht:** Damhsa na nEalaí, Clann Lir, Scoil an Choimín, Gleann Fhinne
2. **Córagrafaíocht/ Úsáid stáitse sa Mhairséail**: An Táin Bó Cuailgne, Scoil Iorball Sionnaigh
3. **Ard-Chaighdeán an Cheoil:** Táin Bó Cuailgne—ó a Dhia! Bunscoil Phádraig, Crois Mhig Lionnáin
4. **Bomaite Speisialta Drámaíochta:** An Cóta Mór ag Teacht chun Beatha, Airnéal, Scoil Éadan Fhionn Fraoich
5. **Óg-Aisteoir is Fearr:** Buachaill: Ultán, Tragóid na Titanice, Gaelscoil na gCrann, An Ómaigh
6. **Óg-Aisteoir is Fearr:** Cailín: Méabha, Táin Bó Cuailgne - Ó a Dhia! Bunscoil Phádraig, Crois Mhig Lionnáin

### Buaiteoirí na Ranna

| | |
|---|---|
| Roinn 1: Scoil Iorball Sionnaigh, Muineachán | **An Táin Bó Cuailgne** |
| Roinn 2: Scoil Chnoc na Naomh, Doire Chonaire | ***Mac Tíre na Draíochta** |
| Roinn 3: Gaelscoil na gCrann, An Ómaigh | **Tragóid na Titanice** |
| Roinn 4: Pobalscoil Chloich Cheann Fhaola | ***Faoi Bhois an Chait** |
| Roinn 5: Scoil Oilibhéar Pluincéad, Rann na Feirste | ***Labhair an Teanga Gaeilge** |
| Roinn 6: Scoil na Crannóige, Gaoth Dobhair | ***An Turas** |
| Roinn 7: Gaelscoil Ultáin, Muineachán | **Peter Pan** |

### Scoth-léiriú na Féile:

**Scoil Chnoc na Naomh, Doire Chonaire *Mac Tíre na Draíochta**

**Féile Náisiúnta – An Muileann gCearr** / 17 – 24 Aibreán 2024
**www.scoildramaiocht.ie**



## *Plean Comhtháite Ghaoth Dobhair*

# CRUINNIÚ POIBLÍ

## CRUINNIÚ SA CHRANNÓG 03.04.2024 AG 7:30

Cruinniú poiblí, fáilte roimhe chách!
Tar agus tabhair do chuid smaointe agus tuairimí dúinn ar an mbealach is fearr chun an ceantar a fhorbairt sna blianta atá le teacht.